C/2025/608

27.1.2025

**Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí**

(C/2025/608)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa ([1])agus ón gComhairle.

DOICIMÉAD AONAIR

**‘Sal de Rio Maior / Flor de Sal de Rio Maior’**

**Uimh. AE: PDO-PT-02589– 24.9.2019**

**ATFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Sal de Rio Maior / Flor de Sal de Rio Maior’

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Phortaingéil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 2.6. Salann

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

25.01.00 – Salann

3.2. ***Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)***

Is salann é ‘Sal de Rio Maior / Flor de Sal de Rio Maior’ ó fhuarán salanda, a fhaightear trí phróiseas nádúrtha frasaíochta ó uisce salanda faoi thalamh trí ghalú. Is éard atá ann uisce, clóiríd sóidiam agus salainn mhianracha agus riandúile eile a dhíorthaítear go heisiach ón uisce sin. Salann neamhscagtha, saor ó bhreiseáin is ea é a bhuantar de láimh agus nach nitear tar éis a bhuainte.

Ag brath ar na coinníollacha faoinar foirmíodh é agus ar an modh buainte, féadfaidh sé a bheith sna foirmeacha seo a leanas:

‘Sal de Rio Maior’

Is substaint bhán lonrach é ‘Sal de Rio Maior’ a bhfuil blas goirt sainiúil air. Bíonn an salann i bhfoirm criostail chiúbacha de mhéideanna éagsúla, a ghrúpálann le chéile chun pirimid inbhéartaithe a dhéanamh. Eastósctar é as an uisce sna loig shalainn trí chriostalú an tsalainn.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

‘Flor de Sal de Rio Maior’

Scannán tanaí is ea ‘Flor de Sal de Rio Maior’ a dhéantar ar dhromchla an uisce sna linnte criostalaithe. Is é an chéad táirge é a fhoirmíonn nuair a bheidh an sáithiúchán is gá bainte amach ag an uisce chun tús a chur leis an gcriostalú. Is éard atá ann leatháin bheaga de chriostail bheaga a fhoirmíonn le linn dheascadh na salann agus a shnámhann ar dhromchla na linne criostalaithe.

Féadfar ‘Sal de Rio Maior’ a léiriú ina staid nádúrtha nó mar shalann meilte, agus féadfar ‘Sal de Rio Maior’ agus ‘Flor de Sal de Rio Maior’ araon a bhlaistiú le cumaisc de luibheanna aramatacha agus/nó spíosraí.

Féadfar ‘Sal de Rio Maior’, ina staid nádúrtha nó é blaistithe le cumaisc de luibheanna agus/nó de spíosraí, a léiriú i bhfoirm shorcóireach freisin.

Tá comhdhéanamh ceimiceach comhchosúil ag ‘Sal de Rio Maior’ agus ‘Flor de Sal de Rio Maior’, toisc go bhfaightear iad araon tar éis galú sa log salainn.

Is éard atá in ‘Sal de Rio Maior / Flor de Sal de Rio Maior’ 97–99 % clóiríd sóidiam, < 0,02 % maignéisiam agus < 0,1 mg/kg seiléiniam.

Tá gránmhéid 1-4 mm ag na criostail salainn, agus is é 4 % an cion taise uasta atá ag an salann.

Léirítear an nasc soiléir idir an tiúchan mhaignéisiam agus cion maignéisiam an táirge deiridh le tuarascáil tástála Uimh. 53339/2021, ina léirítear go bhfuil cion maignéisiam an táirge deiridh < 50 mg/kg nó 50 ppm, rud atá níos lú ná 125 ppm faoi sháile.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tarlaíonn gach céim, ón eastóscadh, galú, deighilt agus criostalú go dtí an bhuaint, sa limistéar geografach sainithe.

3.5. ***Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

—

3.6. ***Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe***

Cibé foirm ina gcuirtear an táirge i láthair lena dhíol, ní mór na focail ‘Sal de Rio Maior’ — DOP [‘Sal de Rio Maior’ — ATFC] nó ‘Flor de Sal de Rio Maior’ — DOP [‘Flor de Sal de Rio Maior’ — ATFC] a bheith ar an lipéad, ag brath ar an táirge.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá loig shalainn nádúrtha Rio Maior suite i mbunchnoic shliabhraon Serra dos Candeeiros, i mbardas Rio Maior. Tá comhordanáidí geografacha chroí an limistéir táirgthe salainn thart ar 39° 21′ 15′′ T agus 8° 53′ 45′′ I.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Is tosca nádúrtha agus daonna sa limistéar geografach sainithe amháin is cúis le cáilíocht ‘Sal de Rio Maior / Flor de Sal de Rio Maior’.

Tá saintréithe sonracha ag ‘Sal de Rio Maior / Flor de Sal de Rio Maior’ a tháirgtear i loig shalainn Rio Maior agus is féidir iad a chur i leith an tsuímh agus na timpeallachta.

Tá saintréithe geomoirfeolaíocha an réigiúin máguaird, go háirithe masaíf aolchloiche Estremadura agus a líonra sruthchúrsaí faoi thalamh, i measc na dtosca a chinn an cineál eastósctha salainn a tharla ar an suíomh seo leis na céadta blianta.

Ceann de na saintréithe is suntasaí atá ag an réigiún sléibhtiúil seo is ea an chaoi a dtéann uisce báistí tríd na scoilteanna sa charraig aolchloiche go héasca, rud a chiallaíonn nach bhfuil aon sruthchúrsa infheicthe ann, toisc go bhfuil siad i bhfolach faoi thalamh.

Éiríonn ceann de na sruthchúrsaí sin goirt nuair a théann sé trí fhosú salainn carraige agus soláthraíonn sé tobar i gcroílár na log salainn, agus faightear 'Sal de Rio Maior / Flor de Sal de Rio Maior' tríd an uisce goirt faoi thalamh sin a ghalú, trí theas na gréine agus trí ghníomhaíocht na gaoithe, sna linnte criostalaithe traidisiúnta (nó *talhos)* agus tríd an salann a bhailiú de láimh. Tá aeráid mheasartha na Meánmhara, arb iad is saintréithe di tréimhsí ina bhfuil leibhéil arda ghréine agus gaoth aduaidh nó aniar aduaidh den chuid is mó, fabhrach do tháirgeadh salainn.

De réir Calado agus Brandão (2009), tá baint ag an sáile i loig shalainn Rio Maior le struchtúr marla diaipire (marlaí Dagorda) a cruthaíodh thart ar 190 milliún bliain ó shin. Tarlaíonn an chloch shalainn ag doimhneacht mhór, i bhfosuithe atá uaireanta an-tiubh. Léiríonn na húdair go bhfuil dlúthnasc idir uiscí ar mhórán clóiríde sóidiam a bheith ann, cloch shalainn a bheith ann agus diaipir mharlaí Dagorda, rud a chinneann comhdhéanamh ceimiceach 'Sal de Rio Maior / Flor de Sal de Rio Maior', atá comhdhéanta de 97–99 % de chlóiríd sóidiam agus atá ar mhórán seiléiniam.

Tugann an fhianaise ar fad le fios go dtáirgtear an sáile mar thoradh ar láisteadh ó na marlaí salainn, a tháinig chun cinn trí ghníomhaíocht uisce báistí ag insíothlú isteach san fho-ithir. Sna 1930idí, rinne Charles Lepierre anailís cheimiceach ar an sáile, a léirigh go raibh solaid thuaslagtha de thart ar 200 g/kg tuaslagáin ag an am sin ag an tuaslagán sa tobar óna dtáirgtear 'Sal de Rio Maior / Flor de Sal de Rio Maior' inniu, arbh é 96 % díobh sin an cion clóiríde sóidiam de 213,34 g/l (Lepierre, 1936, arna lua ag Calado agus Brandão, 2009). Chomh maith leis an ard-salandacht, tugadh an tiúchan maignéisiam sna huiscí sin faoi deara freisin (thart ar 125 ppm) (Calado agus Brandão, 2009).

Tagann sainiúlacht an limistéir gheografaigh freisin ó thosca daonna agus ó na rialacha maidir le húsáid talún sa 12ú haois, chomh maith le fianaise dhoiciméadach ar stair loig shalainn Rio Maior ón am sin. Mar gheall ar athróga ithreach agus aeráide agus comhdhéanamh geolaíoch an limistéir gheografaigh shainithe, mar aon le taithí agus saineolas na n-oibrithe áitiúla, atá riachtanach chun na loig shalainn a ullmhú agus chun an salann a eastóscadh, a stóráil agus a chaomhnú chun táirge deiridh atá glan agus saor ó eisíontais a fháil, is réigiún é seo a bhfuil saintréithe uathúla aige chun 'Sal de Rio Maior / Flor de Sal de Rio Maior' a tháirgeadh.

Tosaíonn táirgeadh salainn leis na loig shalainn a ullmhú, is é sin trí láib agus sloda a ghlanadh, tríd an uisce a ullmhú agus trí aon damáiste a tharla le linn an gheimhridh a dheisiú. Tá sé ríthábhachtach na loig shalainn a ullmhú chun cáilíocht an uisce agus méid an tsalainn a bhuantar a uasmhéadú. Ciallaíonn buaint de láimh gur féidir leis an oibrí salainn an salann a bhailiú, trí úsáid a bhaint as uirlis ghlantacháin ar a dtugtar *rodo,* díreach síos go bun an linne. Toisc go bhfuil sé glan, tá níos mó salainn agus níos lú substaintí dothuaslagtha sa salann a bhuantar.

D'éirigh le loig shalainn Rio Maior iontráil a bhaint amach i bhfoclóir Pinho Leal, *Portugal Antigo e Moderno* [An tSean-Phortaingéil agus an Phortaingéil Nua-Aimseartha], ina leagtar béim ar cháilíochtaí an tsalainn cháiliúil a eastóscadh: 'Tugtar *sal espuma* [salann cúir] ar tháirge na log salainn sin. Tá sé an-ghlan, tirim agus lonrach, ionas go mbeidh sé curtha i gcruth pirimidí áille agus i gcruthanna éagsúla eile a bhfuil cuma orthu amhail is go bhfuil siad déanta as cloch nó siúcra mínphróiseáilte calógach. Go dtí seo, is mó é ná cáilíocht an tsalainn choitinn (farraige) le haghaidh feoil a bhlaistiú gurb í an chainníocht is gá ná leath na cainníochta salainn a eastósctar as sáile. Tá sé an-sháithithe le múireáit de shóid, atá thar a bheith íon, agus tá sé neamh-mheasctha le múireáit aoil agus mhaignéise, atá le fáil i salainn choiteanna eile, rud a fhágann go bhfuil siad searbh agus taislíoch.'

Sa lá atá inniu ann is iad loig shalainn Rio Maior an t-aon áit sa Phortaingéil ina n-eastósctar salann as sáile faoi thalamh. Tugann sé seo, mar aon lena n-uathúlacht mar fheiniméan hidrigeolaíoch, ábharthacht mhór dóibh maidir le hoidhreacht nádúrtha.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta**

https://tradicional.dgadr.gov.pt/images/prod_imagens/sal/Docs/CE_Sal_Rio_Maior_022022VF.pdf